Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# Scéim 2020 - 2023

## Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003





## RAU-ADW-0035/02

## Clár.

1 Réamhrá ... 3
2 Forbhreathnú ar Bhonneagar Iompair Éireann ... 4
3 Cumarsáid leis an bPobal ... 5
4 Preaseisiúintí agus Fógráin sna Meáin. ... 8
5 Comharthaíocht. ... 8
6 Foilseacháin. ... 8
7 Oiliúint agus Forbairt. ... 10
8 Monatóireacht agus Athbhreithniú. ... 10
9 Poibliú. ... 10
10 Cabhair agus Comhairle. ... 11

# 1 Réamhrá

Ba é Bonneagar Iompair Éireann a d'ullmhaigh an scéim seo i gcomhréir le hAlt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2013 (**"an tAcht"**). Seo an tríú scéim trí bliana a ullmhaíodh agus cuirtear í in ionad an dara scéim, ar cuireadh tús léi in 2017.

Foráiltear le hAlt 11 go n-ullmhóidh gach comhlacht poiblí scéim reachtúil lena sonrófar na seirbhísí a bheidh á gcur ar fáil aige;

- trí Ghaeilge;
- trí Bhéarla, agus
- trí Ghaeilge is trí Bhéarla.

chomh maith leis na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil á soláthar ag an gcomhlacht féin a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

Ullmhaíodh an scéim seo ag féachaint do na forálacha a ghabhann leis Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008 (Ionstraimí Reachtúla Uimh. 391 de 2008). Déantar foráil leis na Rialacháin seo lena mbaineann ("**Rialacháin 2008**") maidir le Gaeilge amháin, nó Gaeilge agus Béarla le chéile, a úsáid ar stáiseanóireacht, ar chomharthaíocht comhlachtaí poiblí agus i bhfógraí taifeadta béil.

## 1.1 Ullmhú na Scéime

Tá an scéim seo forbartha ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhréir leis na Treoirlínte a ullmhaítear faoi Alt 12 den Acht. Ceanglaíonn na Treoirlínte go dtabharfaidh comhlacht poiblí aird ar na nithe seo a leanas:

- Leibhéal bunúsach an éilimh ar sheirbhísí sonracha trí Ghaeilge i gcomhthéacs na forála dearfaí.
- Acmhainní, idir acmhainní daonna agus airgeadais, agus inniúlacht an chomhlachta phoiblí lena mbaineann maidir leis an gcumas teanga is gá a bhaint amach agus a fhorbairt.

I gcomhréir leis na forálacha in Alt 13(1)(2) den Acht, thug BIÉ fógra ag rá go raibh sé ar intinn aige dréachtscéim a ullmhú. Foilsíodh an fógra ar Tuairisc.ie agus ar shuíomh BIÉ fhéin www.tii.ie, chomh maith. Fáiltíodh san fhógra dátheangach seo roimh pháirtithe leasmhara iarratais eile a thabhairt isteach maidir le dréachtscéim a ullmhú.

Fuarthas agus rinneadh breithniú ar chúig aighneacht nuair a bhí an scéim á hullmhú. Cuimsíodh réimse saincheisteanna sna haighneachtaí, úsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta, láithreán gréasáin BIÉ agus cumarsáid ó bhéal agus scríofa leis an bpobal ina measc.

## 1.2 Cuspóir na Scéime

Is í príomhchuspóir na scéime seo ná na beartais agus cleachtais de chuid BIÉ maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a neartú agus a fheabhsú. Léiríonn sé sin gealltanas BIÉ cur chun feidhme iomlán fhorálacha an Achta a chinntiú agus ár bhfreagrachtaí is róil á gcomhlíonadh againn.

## 1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an scéim daingnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tosóidh sí le héifeacht ó 27 Nollaig 2020 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndeimhneofar scéim nua, cibé acu is déanaí.

# 2 Forbhreathnú ar Bhonneagar Iompair Éireann

## 2.1 Forbhreathnú ar BIÉ

Faoin Acht na mBóithre 2015, cuireadh foireann agus feidhmeanna na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród (GFI) agus an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) le chéile le héifeacht ón 1 Lúnasa 2015. Bunaíodh an GFI sa bhliain 2001 agus ba é a bhí freagrach as infreastruchtúr mearchórais agus iarnród éadroim a fhorbairt ach is ag an ÚBN, bunaithe i 1994, an fhreagracht fhoriomlán as gréasán náisiúnta bóithre a fhorbairt agus a chothabháil. Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a shonraigh "Bonneagar Iompair Éireann" mar ainm arbh fhéidir leis an ÚBN a thabhairt air féin chun críocha oibríochtúla tar éis táthcheangal an dá eagraíocht (Ionstraimí Reachtúla Uimh. 297/2015).

## 2.2 Misean agus Sainordú

Is é ár misean bonneagar agus seirbhísí iompair a sholáthar a chuirfidh le caighdeán beatha mhuintir na hÉireann agus a thacóidh le fás eacnamaíoch na tíre.

Is é príomhfheidhm BIÉ cur chuige comhtháite i leith forbairt todhchaí agus oibriú ghréasán náisiúnta bóithre agus bonneagar iarnróid éadroim ar fud na hÉireann a sholáthar.

## 2.3 Struchtúr na hEagraíochta

### *Bord*

Ag Bord BIÉ is ea beidh suas le ceithre chomhalta dhéag – triúr ghnáthchomhalta dhéag is cathaoirleach - á gceapadh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Ceapfar gach comhalta ar bhonn a chuid taithí

maidir le bóithre, cúrsaí iompair, tionscail, tráchtála, airgeadais nó comhshaoil, rialtas áitiúil, eagrú oibrithe nó riarachán.

Tá sonraí faoin mballraíocht reatha le fáil ar ár suíomh, www.tii.ie .

### *Aonaid Ghnó*

Tá BIÉ á reáchtáil idir sé fhoireann roinne mar leanas:

- Oibríochta Tráchtála
- Bainistiú an Chláir Chaipitiúil
- Bainistiú an Ghréasáin
- Seirbhísí Gairmiúla
- Seirbhísí Corparáideacha
- Seirbhísí Gnó

### *Na Geallsealbhóirí príomha*

Bíonn BIÉ ag idirghníomhú le réimse leathan de gheallsealbhóirí lena n-áirítear:

- Oifigí agus Ranna Rialtais, go háirithe An Roinn Iomapair, Turasóireachta agus Spóirt, a mbíonn BIÉ ag feidhmiú faoina gcoimirce
- Tithe an Oireachtais
- Údaráis áitiúla
- An Pobal i gCoitinne
- Sainchomhairleoirí, conraitheoirí, srl.
- An Coimisiún Eorpach
- Comhlachtaí ionadaíocha amhail Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Innealtóirí Éireann, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann srl.

# 3 Cumarsáid leis an bPobal

## 3.1 Leibhéal na seirbhíse ar fáil trí Ghaeilge

Áirítear le Cairt Custaiméara BIÉ an gealltanas go ndéanfar gach iarracht freastal ar chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge. I gcomhréir leis an gCairt, déantar aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge agus táirgtear foilseacháin BIÉ, de réir mar is gá, i nGaeilge agus i mBéarla. Tá go leor ábhair i nGaeilge ar fáil ar ár suíomh idirlín freisin.

Tá an scéim seo ag tógáil ar na gealltanais a thugaimid sa Chairt Custaiméara trí shonrú a dhéanamh ar na bearta agus nósanna a úsáidimid agus ár gcuid gnó á dhéanamh againn d'fhonn riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Rialacháin 2008 a chomhlíonadh.

Déanann BIÉ cumarsáid leis an bpobal ar shlite éagsúla, lena n-áirítear litreacha, ríomhphoist, bileoga eolais, fógraí reachtúla/eolais srl. I gcomhréir le forálacha an Achta, Rialacháin 2008 agus gealltanas BIÉ úsáid na

Gaeilge a chur chun cinn agus a mhéadú i gcúrsa a ghnó, déanfar ár gcumarsáid leis an bpobal le linn na tréimhse seo den scéim i gcomhréir leis na hailt seo a leanas.

## 3.2 Cumarsáide i scríbhinn

### 3.2.1 Stáiseanóireacht

*Beidh stáiseanóireacht BIÉ ar fad i nGaeilge agus i mBéarla.*

Thug Rialacháin 2008 isteach méid áirithe gealltanais shonracha a bhaineann le Gaeilge a úsáid ar na cineálacha stáiseanóireachta a leanas a úsáideann comhlachtaí poiblí;

- Páipéar Litreach.
- Duillíní dea-mhéine.
- Bileoga chumhdaigh facs.
- Clúdaigh chomhad agus fillteáin.
- Lipéid.
- Clúdaigh litreach.

De réir na Rialachán, ní mór gach cineál stáiseanóireachta a bheith ar fáil i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.

Úsáidtear stáiseanóireacht dhátheangach in aon chumarsáid scríte a eisíonn BIÉ, i gcomhréir leis na Rialacháin.

### 3.2.2 Comhfhreagras

*Déantar gach comhfhreagras i nGaeilge a fhaigheann BIÉ a fhreagairt i nGaeilge.*

I gcomhréir le forálacha an Achta, an té a scríobhann chugainn i nGaeilge is i nGaeilge a bheidh sé á fhreagairt againn, (pé acu litir, facs nó ríomhphost a sheolann sé).

Tá beartaithe ag BIÉ a áirithiú nach lú leibhéal na seirbhíse atá á soláthar i nGaeilge seachas a bhfuil ar fáil i mBéarla agus bíonn seirbhísí chomhlachta cáilithe aistriúcháin Gaeilge/Béarla – Béarla/Gaeilge á gcoinneáil i gcónaí chun gach aon chúnamh, mar is gá, a thabhairt don fhoireann agus freagraí feidhmiúla cruinne á dtabhairt ar gach aon chomhfhreagras faighte i nGaeilge.

### 3.2.3 Coir Phoist.

*Beidh gach cor poist a eisíonn BIÉ i nGaeilge agus i mBéarla.*

I gcomhréir le hAlt 9(3) den Acht, foilseofar gach cumarsáid scríofa gan iarraidh (.i. coir phoist) a eisíonn BIÉ chun eolas a thabhairt don phobal i nGaeilge agus i mBéarla.

## 3.3 Ar an bhfón.

Is iad na fáilteoirí is túisce a dhéanann teagmháil leis an bpobal agus is é polasaí BIÉ a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm gnáth-chleachtas Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí sa réimse seo, is:

- Go dtabharfaidh baill fhoirne an fháiltithe teideal na heagraíochta i mBéarla agus i nGaeilge.
- Go mbeidh ar a laghad eolas acu ar bheannachtaí comónta na Gaeilge.
- Go mbeidh na socraithe cuí i bhfeidhm go bhféadfaidh siad baill don phobal a chur i dteagmháil leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil nuair is féidir, gan mhoill mhíchuí.

## 3.4 Fógraí Taifeadta Béil.

*Beidh fógraí taifeadta béil a dhéanfaidh BIÉ nó a dhéanfar thar a cheann i nGaeilge agus i mBéarla.*

Faoi Rialacháin 2008, ní mór comhlachtaí poiblí a chinntiú go mbeidh fógraí béil a dhéanfaidh siad nó a dhéanfar thar a gceann i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge faoi 1 Iúil, 2013. Baineann na Rialacháin seo le fógraí béil ar an bhfón, trí mheán córais callaireachta poiblí agus córais theachtaireachtaí/fhreagartha ríomhairithe.

Déantar na teachtaireachtaí taifeadta ar ár lasc-chlár príomha i nGaeilge agus i mBéarla.

## 3.5 Glaoiteoirí i bpearsa.

*Déanfar gach iarracht chun freastal ar ghlaoiteoirí i bpearsa ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge.*

Mar atá ráite cheana, is iad na fáilteoirí is túisce a gcasfaidh an pobal leo. Is é polasaí BIÉ a chinntiú go mbeidh gnáthchleachtas Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí á chur i bhfeidhm sa réimse seo, i dtreo is:

- Go mbeidh foireann an fháiltithe ábalta ar bhaill den phobal a bheannú i nGaeilge agus go spreagfar iad a leithéid a dhéanamh nuair is cuí.
- Go mbeidh sonraithe cuí i bhfeidhm chun go bhféadfaidh siad baill don phobal a chur i dteagmháil leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil nuair is féidir, gan mhoill mhíchuí.

## 3.6 Suíomh Gréasáin.

*Treabhfaimid linn ag soláthar agus ag cur leis an ábhar Gaeilge ar ár suíomh.*

Beidh eolas a bhaineann le róil agus gníomhaíochtaí BIÉ le i rannóg na Gaeilge ar an suíomh. Thar thréimhse na scéime, cinnteoimid go mbeidh príomhábhar seasta an tsuímh ar fáil go dátheangach. Leanfaimid orainn ag cinntiú go mbeidh gach foilseachán, leabhráin eolais agus bileoga san áireamh, a dhéantar go dátheangach, ar fáil sa leagan Gaeilge den suíomh mar atá sa leagan Béarla.

# 4 Preaseisiúintí agus Fógráin sna Meáin.

I gcaitheamh na scéime, eiseofar 80% de phreaseisiúintí go dátheangach agus i gcomhthráth, seachas faoi chúinsí annamha áirithe nuair is gá preaseisiúint a eisiúint láithreach ar mhaithe le cúiseanna sábháilteachta/oibríochtúla agus nuair a bheadh an t-aistriúchán mar chúis le moill dho-ghlactha.

Beidh fógráin sna meáin scríofa i nGaeilge agus i mBéarla, a oiread agus is gá.

# 5 Comharthaíocht.

Cuireann Rialacháin 2008 iallach ar chomhlachtaí poiblí a áirithiú go mbeidh comharthaí a chuirfidh nó a chuirfear thar a mbráid ag láithreán ar bith (áitribh oifige san áireamh) tar éis 1 Máirt, 2009 (faoi réir eisceachtaí áirithe) i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla. Cuirfidh na Rialacháin i bhfeidhm ceanglais ar leith maidir leis an téacs atá á úsáid .i. an téacs Gaeilge a bheith ar dtús, gan a bheith níos lú ná an téacs Béarla agus a bheith chomh feiceálach, suntasach agus inléite is atá an téacs i mBéarla.

Tá polasaí BIÉ maidir le comharthaíocht leagtha amach sna hailt seo thíos.

## 5.1 Comharthaí Oifige.

*Ní mór na comharthaí ar fad atá inár n-oifigí bheith ag comhlíonadh Rialacháin 2008.*

## 5.2 Comharthaí Tráchta.

*Leanfaidh BIÉ leis ag comhlíonadh na ngealltanas Gaeilge maidir le síneacha tráchta, mar atá leagtha amach i Lámhleabhar na Síneacha Tráchta foilsithe ag Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.*

Chun críocha na scéime seo, áirítear le comharthaí tráchta na catagóirí seo a leanas de chomharthaí:

- **Síneacha treoracha**.
- **Eolas tráchta** síneacha, lena n-áirítear oibrithe bóthair, slándála/foláirimh agus dolaí.

## 5.3 Síneacha eolais scéime.

Cinnteoidh BIÉ go mbeidh síneacha eolais scéime ag comhlíonadh na ngealltanas a ghabhann le Rialacháin 2008.

# 6 Foilseacháin.

## 6.1 Doiciméid Corparáideacha.

Déanfaidh BIÉ na doiciméid corparáideacha seo a leanas a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla i gcomhthráth lena chéile:

- Tuarascáil Bhliantúil.
- Cuntais Iniúchta/Ráitis Airgeadais.
- Ráiteas Corparáideach Straitéise.
- Plean Gníomhaíochtaí Custaiméirí.
- Cairt Custaiméirí.
- Feachtas um Shaoráil Faisnéise.

## 6.2 Bileoga Eolais, Bróisiúir agus Foilseacháin.

Déanfaidh BIÉ na duilleoga eolais, bróisiúir agus foilseacháin seo a leanas a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla i gcomhthráth lena chéile:

- Bileoga Eolais BIÉ.
- Seanda (irisleabhar seandálaíocht BIÉ).
- Bileoga eolais Dolaí.

Foilsíonn BIÉ bileoga éagsúla eolais agus bróisiúir ó am go chéile d'fhonn an pobal a chur ar an eolas mar gheall ar ár ngníomhaíochtaí agus ár bhfeidhmeanna maidir le hiarnród éadrom agus clár forbartha na mbóithre náisiúnta agus gnóthaí eile lena mbaineann, lena n-áirítear dolaí bóithre, an timpeallacht agus an tseandálaíocht. Beidh gach bileog, bróisiúr agus foilseachán a riarfar tríd an bpost á eisiúint de réir na bhforálacha atá luaite i gCuid 3.2.3 den scéim seo. Sa chás gur cuí, leagfar leaganacha Gaeilge agus Béarla den téacs taobh le taobh, agus an chlómhéid agus an stíl chéanna á n-úsáid.

## 6.3 Doiciméid na Scéime.

Tá éagsúlacht leathan doiciméad scéime a fhoilsíonn (nó a fhoilsítear thar bráid) BIÉ maidir lenár scéimeanna iarnróid éadrom agus bóithre náisiúnta. D'fhéadfaí Ráitis Tionchair Timpeallachta, fógraí seasta, doiciméid/ceistneoirí chomhairliúchán pobail, cáipéisí teicniúla a bhaineann le dearadh agus caighdeán tógála, treoirlínte tímpeallachta agus measúnú seandálaíochta srl. a áireamh leo siúd. Seo thíos an polasaí atá againn maidir le Gaeilge a úsáid i ndoiciméid den chineál seo:

### Caighdeáin/Treoirlínte.

Foilseofar cáipéisí caighdeán agus teicniúla BIÉ, Treoirlínte Bainistíochta Tionscadal BIÉ, Treoirlínte Breithmheasa Tionscadal agus cáipéisí eile innealtóireachta, comhshaoil agus seandálaíochta eile ina measc i mBéarla amháin.

### Doiciméid Scéim-shonracha

Áirítear sa chatagóir seo bileoga/bróisiúir eolais, doiciméid chomhairliúchán poiblí, ceistneoirí san áireamh, chomh maith le doiciméid sheasta amhail ráitis tionchair timpeallachta, orduithe ceannaigh éigeantaigh, dola-scéimeanna, fo-dhlíthe srl.

Beidh na doiciméid scéime seo a leanas á bhfoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla:

- Bileoga/bróisiúir eolas scéime.
- Doiciméid chomhairliúchán poiblí, ceistneoirí san áireamh.
- Imleabhar Achoimre Neamh-theicniúil de Ráitis maidir le Méasúnacht Tionchair Timpeallachta, i gcás go mbaineann scéimeanna le ceantar Gaeltachta nó le ceantar atá i ndlúthghaireacht di.

Beidh gach doiciméid scéime eile á fhoilsiú i mBéarla amháin.

# 7 Oiliúint agus Forbairt.

Tá BIÉ tiomanta go bhfaighidh ár bhfoireann an oiliúint chuí agus forbairt chun ár riachtanais ghnó, riachtanais ár gcustaiméirí san áireamh, a chomhlíonadh.

Déanfaimid:

- cuirfear oiliúint Ghaeilge ar fáil dár bhfoireann túslíne;
- deiseanna traenála cuí a bhaineann le Gaeilge a chur ar fáil dár bhfoireann ar fad, laistigh de ghnáth-uaireanta oibre san áireamh;
- scéim aisíocaíochta táillí a chur chun cinn chun oiliúint sa Ghaeilge a chur chun cinn;
- comhairle a thabhairt don fhoireann maidir leis an réimse ranganna Gaeilge ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige (.i. dioplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge, Gaeltchultúr, Gael-Linn srl.);
- lena n-áirítear feasacht teanga mar chuid d'ionduchtú agus de chúrsaí traenála comhairliúchán custaiméirí d'fhonn a chinntiú go dtuigeann an foireann an comhthéacs agus cúlra le polasaí Gaeilge BIÉ agus faoi mar a raghaidh sé seo i bhfeidhm ar a gcuid oibre;
- cúrsaí Gaeilge a dtugann an foireann fúthú a mheasúnú d'fhonn a dhéanamh amach cé chomh mór is atá na cúrsaí ag baint amach spriocanna BIÉ, agus
- a chinntiú, agus Gaeilge laistigh de BIÉ á forbairt, go bhfuil baill foirne ar fáil chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar sna haonaid riaracháin éagsúla ar fad atá ag an eagraíocht seo.

# 8 Monatóireacht agus Athbhreithniú.

Beidh monatóireacht agus athbhreithniú á dhéanamh ar an scéim agus í á cur i bhfeidhm de réir mar is cuí.

# 9 Poibliú.

Is ar an suíomh idirlín a chuirfear in iúl dár ngeallsealbhóirí agus don phobal an scéim seo.

Tá cóip den scéim curtha chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

# 10 Cabhair agus Comhairle.

Ullmhaíodh an scéim seo chun polasaithe BIÉ maidir le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na Rialacháin a rinneadh faoin Acht ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá fáilte roimh thuairimí/iarratais le haghaidh eolais bhreise faoin scéim agus is ceart iad a sheoladh chuig an Aonad Rialála agus Riaracháin trí ríomhphost ag info@tii.ie.

Tá réimse cuimsitheach eolais agus doiciméid faoi fhorálacha Acht 2003 agus Rialacháin ghaolmhara ar fáil ar na suíomhanna seo a leanas;

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, https://www.chg.gov.ie/ga

An Coimisinéir Teanga*, http://www.coimisineir.ie*

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Ionad Ghnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8, Éire

Parkgate Business Centre,
Parkgate Street,
Dublin 8, Ireland

www.tii.ie

info@tii.ie

+353 (01) 646 3600

+353 (01) 646 3601